GMIT
INSTITIÚID TEICNEOLAÍOCHTA NA GAILLIMHE-MAIGH EO
GALWAY-MAYO INSTITUTE OF TECHNOLOGY

# GMIT Library Strategic Plan 2013-2016




FITCH
HOLLI
STER





# Contents

Introduction 2

Library Mission 3

Library Vision 3

Library Goals 3

GMIT Strategic Pillars 4

Learning and Teaching 5

Collaboration and Alliances 8

Research, Development and Innovation 9

Student – Community Engagement 11

Internationalisation 12

References 13

**GMIT Library**
**Galway-Mayo Institute of Technology**
Dublin Road, Galway

Telephone (091) 742785
Email **library@gmit.ie**
Web **http://library.gmit.ie**

gmitlibrary gmitlibrary LibrarianGMIT

GMIT
INSTITIÚID TEICNEOLAÍOCHTA NA GAILLIMHE-MAIGH EO
GALWAY-MAYO INSTITUTE OF TECHNOLOGY

# Introduction



Amidst the backdrop of challenging economic circumstances, complex pricing models, a diverse student cohort and rising user expectations, GMIT Library, comprising Dublin Road Library, Centre for Creative Arts & Media Library and the Moore Library in the Mayo Campus, sets out its key strategies in the Library Strategic Plan 2013-16. This plan is aligned to the Strategic Development Plan 2010-2015 Your Place – Your Future (2010) and the Strategic Plan Revision 2013-2016 (GMIT 2013) and encompasses five strategic pillars:

- Learning and Teaching
- Collaborations and Alliances
- Research Development and Innovation
- Student Community Engagement
- Internationalisation

Following extensive consultation with stakeholders, the library will strive to satisfy the needs identified through that process, by providing state of the art learning facilities and information resources. This will be achieved by leveraging the advancements in technology coupled with the competence and experience of the library's most important asset, its staff, who provide a strong customer focused service responsive to the needs of its users.

The library will reach out to the wider community and the region and continue to develop and nurture meaningful partnerships with other entities in the region and beyond. The Library Strategic Plan will realise its objectives based on the five strategic pillars of the Institute.

**Margaret Waldron**
*Librarian*

# GMIT Library Strategic Plan 2013-2016

## Library Mission

The mission of the library is to promote a learning culture within GMIT by acquiring, organising, disseminating and providing access to learning resources and services in a supportive environment. The library will support teaching, learning, research and regional development by providing a quality driven service to all its users in all campus libraries.

## Library Vision

The campus libraries are the centre of learning in GMIT, the core activity of the Institute. Library responsiveness and support of its users will be paramount. GMIT Library will continue to adapt and change according to the needs of the organisation. The library will endeavour to build collaborations on a regional basis to meet the needs of the region.

## Library Goals

The library will:

1. Support the Institute's strategy to make the student learning experience more active and participatory.
2. Provide a quality driven service in a supportive learning environment for all its users.
3. Continue to enhance existing collections to support the needs of all users.
4. Contribute to the social, cultural and economic wellbeing of the local community.
5. Provide a welcoming environment for all international students.
6. Support the research activities of the Institute.

## GMIT Strategic Pillars

| | |
|---|---|
| **Learning & Teaching** | • Approaches to Learning & Teaching<br>• Student Engagement<br>• Assessment<br>• Learning Environment<br>• Staff Development |
| **Collaboration & Alliances** | • Regional Cluster<br>• Strategic Alliances<br>• Thematic Clusters<br>• Working Collaboratively |
| **Research Development & Innovation** | • Specialisation and Strength<br>• Research Scholarship and Teaching<br>• Promoting Research and Maximising Talent<br>• Building RDI Alliances<br>• RDI Links with Enterprise |
| **Student-Community Engagement** | • Learning through Wider Engagement<br>• Responsible Practices<br>• Access and Participation<br>• Working with Business and the Community |
| **Internationalisation** | • Consolidation of EU Partnerships<br>• Diversification Outside Europe<br>• International Programme Portfolio and Quality Service |

*(GMIT 2013, p.5)*

## Library Strategy

# LEARNING & TEACHING

## GMIT Objectives:

| | |
|---|---|
| 1 | Approaches to Learning & Teaching: Provide leadership and support for innovative approaches to Learning & Teaching. |
| 2 | Student Engagement: Facilitate student's engagement in their own learning. |
| 3 | Assessment: Guide and support assessment for learning as well as assessment of learning. |
| 4 | Learning Environment: Create a learning environment to underpin student-centred learning. |
| 5 | Staff Development: Ensure that staff are effectively supported in making their contribution to learning and teaching. |

## Library Objectives:

| | |
|---|---|
| 1 | The library will support the Institute's strategy to make the student learning experience more active and participatory. |
| 2 | It will provide a quality driven service in a supportive learning environment for all its users. |

# Key Strategies:

| | |
|---|---|
| 1 | Continue to strive to maintain a high level of service to all library users. |
| 2 | Establish strong links with academic staff to develop a current and relevant collection. |
| 3 | Continue to enhance existing print and online collections to support the needs of all users. |
| 4 | Liaise with academic staff regarding support for academic assignments and projects. |
| 5 | Review annually the Collection Development Policy. |
| 6 | Review annually and enhance<br>• the Information Skills Module<br>• Library Induction and the First Year experience<br>• EndNote training<br>• Online Resources training |
| 7 | Provide Advanced Word training. |
| 8 | Develop relevant and effective YouTube tutorials on all key resources. |
| 9 | Align library staff development with the needs of the Institute. |
| 10 | Attract and retain staff with a commitment to professional development as supported by the Institute. |
| 11 | Provide space in the library for an Academic Writing Centre. |
| 12 | Provide a safe and secure environment. |
| 13 | Monitor library opening hours including usage patterns and user feedback. |
| 14 | Continue to consult with the Students Union to improve the learning environment for all users. |

| | |
|---|---|
| 15 | Offer multiple opportunities for feedback. |
| 16 | Maintain a high quality suite of group study rooms for student group study purposes with state of the art facilities. |
| 17 | Convert the multimedia room in the Galway campus into a silent study zone only and maintain the existing silent zone on floor one. |
| 18 | Liaise with Computing Services to provide an adequate Wi-Fi service. |
| 19 | Maintain high quality technological equipment within existing resources. |
| 20 | Provide comfortable seating and study facilities. |
| 21 | Strictly control noise levels. |

# COLLABORATION & ALLIANCES

## GMIT Objectives:

| | |
|---|---|
| 1 | Regional Cluster: Establish and sustain the regional cluster of HEIs which collaborate to address the needs of the region. |
| 2 | Strategic Alliances: Establish and sustain current and future alliances that enable GMIT to make a higher impact on the region. |
| 3 | Thematic Clusters: Develop sustainable thematic clusters that enhance selected strengths of the Institute in serving regional and national needs. |
| 4 | Working Collaboratively: Encourage and promote effective ways to collaborate with HEIs and other organisations in the region. |

## Library Objective:

| | |
|---|---|
| 1 | The library will work collaboratively with HEIs libraries and other organisations to enhance the needs of the region. |

## Key Strategies:

| | |
|---|---|
| 1 | Engage in formal interinstitutional collaborations on the implementation and maintenance of a research repository. |
| 2 | Further develop reciprocal arrangements with NUIG, the Marine Institute and the Connacht Ulster Alliance (CUA). |
| 3 | Participate with ongoing partnerships, e.g. Acquisitions Group of Ireland (AGI), Systems Librarians in the IOT sector and the Institute of Technology Librarians group. |

# RESEARCH DEVELOPMENT & INNOVATION

## GMIT Objectives:

| | |
|---|---|
| 1 | Specialisation and Strength: Re-affirm and state GMIT's areas of research strength, differentiation and specialisation and identify possible emerging areas. |
| 2 | Scholarship and Training: Closely align research activities with learning strategy in order to develop pedagogical research and enhance student learning and experience. |
| 3 | Promoting Research and Maximising Talent: Continuously develop structures and policies which encourage staff and students to be active in research and which are compatible with the financing of research. |
| 4 | Building RDI Alliances: Build a network of strategic alliances so that GMIT offers leadership and complementarity in developing the region. |
| 5 | RDI and Enterprise: Consolidate and promote research which is driven by needs of enterprise and congruent with their needs. |

## Library Objective:

| | |
|---|---|
| 1 | The library will support the research activities of the Institute. |

# Key Strategies:

| | |
|---|---|
| 1 | Engage in formal interinstitutional collaborations on the implementation and maintenance of a research repository. |
| 2 | Provide Bibliometrics training to postgraduate students and research staff. |
| 3 | Continue to support research with the provision of appropriate library based learning. |
| 4 | Continue to enhance and acquire relevant electronic and online resources to provide a 24/7 service. |
| 5 | Review, monitor and update the discovery platform to provide a more seamless searching experience for the user. |
| 6 | Provide a timely interlibrary loan service to supplement GMIT collections. |
| 7 | Provide library access and membership to iiBC companies. |

# STUDENT-COMMUNITY ENGAGEMENT

## GMIT Objectives:

| | |
|---|---|
| 1 | Learning Through Wider Engagement: Enable students to develop their capabilities through wider engagement. |
| 2 | Responsible Practices: Contribute to the social, cultural and economic wellbeing of the communities served by the Institute. |
| 3 | Access and Participation: Meet the national targets for participation in higher education with particular reference to lifelong learning and under-represented cohorts. |
| 4 | Working With Business and Community: Work with business and communities to enhance GMIT's reputation and role in the region. |

## Library Objective:

| | |
|---|---|
| 1 | The library will contribute to the social, cultural and economic wellbeing of the local community. |

## Key Strategies:

| | |
|---|---|
| 1 | Continue to offer external and lifelong learning library membership. |
| 2 | Establish exhibitions of local interest. |
| 3 | Liaise with the School Liaison Officer towards library involvement in second level school activities. |
| 4 | Engage with schools in the promotion of GMIT activities e.g. Taster Days for the College of Tourism and Arts (CTA). |
| 5 | Liaise with the Cuirt Festival with a view to hosting activities of local interest. |
| 6 | Engage with nationwide cultural and educational initiatives e.g. Library Ireland Week, Science Week, Adult Literacy Week. |
| 7 | Continue to investigate and develop reciprocal collaborations in the region. |

# INTERNATIONALISATION

## GMIT Objectives:

| | |
|---|---|
| 1 | Consolidation of EU Partnerships: Consolidate and deepen links with European Institutes to promote staff and student exchange. |
| 2 | Diversification Outside Europe: Increase and diversify international revenue base further. |
| 3 | International Programme Portfolio and Quality Service: Enhance international programme portfolio and provide quality service. |

## Library Objective:

| | |
|---|---|
| 1 | The library will provide a welcoming environment for all international students. |

## Key Strategies:

| | |
|---|---|
| 1 | Provide library collections for international students funded by the International Office. |
| 2 | Translate library opening hours, brochures and relevant guides into Arabic and Chinese. |
| 3 | Liaise with international cultural activities within GMIT. |
| 4 | Provide exhibitions on a diverse range of cultures. |
| 5 | Liaise closely with the International Office on a formal and informal basis. |
| 6 | Provide an enhanced induction programme for international students. |
| 7 | Promote opportunities for library staff exchanges with overseas partner institutions subject to funding resources. |
| 8 | Investigate collaborative ventures with our international partners. |

# References:


Galway-Mayo Institute of Technology, 2013. Strategic Plan Revision *2013-16 Strategic Pillars Summary*, Galway: GMIT.

Galway-Mayo Institute of Technology, 2010. *Strategic Development Plan 2010-2015 Your Place – Your Future*, Galway: GMIT.















INSTITIÚID TEICNEOLAÍOCHTA NA GAILLIMHE-MAIGH EO
GALWAY-MAYO INSTITUTE OF TECHNOLOGY

# Plean Straitéiseach Leabharlann GMIT 2013-2016




FITCH
HOLLI
STER



# Clár

Réamhra 2

Misean na Leabharlainne 3

Fís na Leabharlainne 3

Spriocanna na Leabharlainne 3

Colúin Straitéiseacha GMIT 4

Foghlaim & Teagasc 5

Comhoibriú & Comhghuaillíochtaí 8

Forbairt Taighde & Nuálaíocht 9

Rannpháirtíocht Neacha Léinn-Pobail 11

Idirnáisiúnú 12

Tagairtí 13

**An Leabharlann**
**Institiúid Teicneolaíochta na Gaillimhe-Mhaigh Eo**
Bóthar Bhaile Átha Cliath, Gaillimh

Teil (091) 742785
R-phost **library@gmit.ie**
Láithreán Gréasáin **http://library.gmit.ie**

gmitlibrary gmitlibrary LibrarianGMIT

GMIT
INSTITIÚID TEICNEOLAÍOCHTA NA GAILLIMHE-MAIGH EO
GALWAY-MAYO INSTITUTE OF TECHNOLOGY

# Réamhra



Agus tosca dúshlánacha, eiseamláirí praghsála casta, cohórt éagsúil mic léinn agus ionchais úsáideora, atá ag dul i méid, mar chúlra, leagann Leabharlann GMIT, a bhfuil cuimsithe inti Leabharlann Bhóthar Bhaile Átha Cliath, Leabharlann an Lárionad do na hEalaíona Cruthaitheacha & na Meán agus Leabharlann Moore i gCampas Mhaigh Eo, a cuid príomhstraitéisí amach i bPlean Straitéiseach na Leabharlainne 2013-16. Tá an plean seo ailínithe leis an bPlean Straitéiseach Forbartha 2010-2015 Do Áit - Do Thodhchaí (2010) agus leis an Athbhreithniú ar an bPlean Straitéiseach 2013-2016 (GMIT 2013), a bhfuil cúig cholún straitéiseacha san áireamh ann:

- Foghlaim agus Teagasc
- Comhoibriú agus Comhghuaillíochtaí
- Forbairt Taighde agus Nuálaíochta
- Rannpháirtíocht Neacha Léinn sa Phobal
- Idirnáisiúnú

Tar éis dul i gcomhairle go forleathan leis na páirtithe leasmhara, déanfaidh an leabharlann iarracht na riachtanais a shainaithneofar tríd an bpróiseas sin a shásamh, trí shaoráidí foghlama úrscothacha agus acmhainní faisnéise a chur ar fáil. Cuirfear é sin i gcrích trí leas a bhaint as an dul chun cinn sa teicneolaíocht mar aon leis an inniúlacht agus an taithí arb iad an tsócmhainn is tábhachtaí atá ag an leabharlann, mar atá, a foireann féin, a chuireann seirbhís chumasach ar fáil atá dírithe ar an gcustaiméir agus sofreagrach do riachtanais a cuid úsáideoirí.

Cuirfidh an leabharlann í féin ar fáil don phobal mór agus don réigiún agus leanfaidh sí de chomhpháirtíochtaí bríocha a fhorbairt agus a chothú le haonáin eile sa réigiún agus níos faide i gcéin. Bainfidh Plean Straitéiseach na Leabharlainne a cuid cuspóirí amach agus iad bunaithe ar chúig cholún straitéiseacha na hInstitiúide.

**Margaret Waldron**
*Leabharlannaí*

# Plean Straitéiseach Leabharlann GMIT
2013-2016

## Misean na Leabharlainne

Is é misean na leabharlainne cultúr na foghlama a chur chun cinn laistigh de GMIT trí rochtain ar acmhainní agus sheirbhísí foghlama a fháil, a eagrú, a scaipeadh agus a chur ar fáil i dtimpeallacht thacúil. Tacóidh an leabharlann le teagasc, foghlaim, taighde agus forbairt réigiúnach trí sheirbhísí ardchaighdeáin a chur ar fáil dár gcuid úsáideoirí i ngach ceann dár leabharlanna campais.

## Fís na Leabharlainne

Is iad na leabharlanna campais lárionad na foghlama in GMIT, arb í croí-ghníomhacht na hInstitiúide í. Beidh freagrúlacht agus tacaíocht na leabharlainne dá cuid úsáideoirí ríthábhachtach. Leanfaidh Leabharlann GMIT de bheith á cur féin in oiriúint agus á hathrú de réir riachtanais na heagraíochta. Déanfaidh an leabharlann iarracht comhoibrithe a thógáil ar bhonn réigiúnach chun freastal ar riachtanais an réigiúin.

## Spriocanna na Leabharlainne

Is é atá beartaithe ag an leabharlann:

1. Tacú le straitéis na hInstitiúide chun eispéaras an neacha léinn a dhéanamh níos gníomhaí agus níos rannpháirtí.
2. Seirbhís ardchaighdeáin a chur ar fáil i dtimpeallacht thacúil foghlama dá cuid úsáideoirí uile.
3. Leanúint de bheith ag cur feabhais ar na bailiúcháin atá againn chun tacú le riachtanais na n-úsáideoirí uile.
4. Cur le dea-bhail shóisialta, chultúrtha agus eacnamaíochta an phobail áitiúil.
5. Timpeallacht fháilteach a chur ar fáil do na neacha léinn idirnáisiúnta uile.
6. Tacú le gníomhaíochtaí taighde na hInstitiúide.

# Colúin Straitéiseacha GMIT

| | |
|---|---|
| **Foghlaim & Teagasc** | • Bealaí chun Foghlama & Teagaisches<br>• Rannpháirtíocht Neacha Léinn<br>• Measúnú<br>• Timpeallacht Foghlama<br>• Forbairt Foirne |
| **Comhoibriú & Comhghuaillíochtaí** | • Braisle Réigiúnach<br>• Comhghuaillíochtaí Straitéiseacha<br>• Braislí Téamacha<br>• Obair I Gcomhar |
| **Forbairt Taighde & Nuálaíocht** | • Speisialú agus Neart<br>• Scoláireacht Taighde agus Teagasc<br>• Taighde a Chur Chun Cinn agus Talann a Uasmhéadú<br>• Comhghuaillíochtaí TFN a Thógáil<br>• Naisc TFN le Fiontar |
| **Rannpháirtíocht Neacha Léinn-Pobail** | • Foghlaim trí Rannpháirtíocht Níos Leithne<br>• Cleachtais Fhreagracha<br>• Rochtain agus Rannpháirtíocht<br>• Ag Obair le Gnó agus leis An Bpobal |
| **Idirnáisiúnú** | • Comhdhlúthú Comhpháirtíochtaí AE<br>• Éagsúlú Lasmuigh Den Eoraip<br>• Punann Cláir Idirnáisiúnta agus Seirbhís Ardchaighdeáin |

*(GMIT 2013, lch.5)*

# FOGHLAIM & TEAGASC

## Cuspóirí GMIT:

| | |
|---|---|
| 1 | Bealaí cur chuige don Fhoghlaim agus don Teagasc: Ceannaireacht a chur ar fáil agus tacú le bealaí cur chuige don Fhoghlaim & Teagasc. |
| 2 | Rannpháirtíocht an Neacha Léinn: Éascú le rannpháirtíocht an neacha léinn ina gcuid foghlama féin. |
| 3 | Measúnú: Treoir agus tacaíocht a thabhairt don measúnú chomh maith le measúnú ar an bhfoghlaim. |
| 4 | Timpeallacht Foghlama: Timpeallacht foghlama a chruthú d'fhonn buntacú le foghlaim neach léinn-láraithe. |
| 5 | Forbairt Foirne: A chinntiú go dtacaítear go héifeachtach leis an bhfoireann agus a gcion á thabhairt acu don fhoghlaim agus don teagasc. |

## Cuspóirí na Leabharlainne:

| | |
|---|---|
| 1 | Tacóidh an leabharlann le straitéis na hInstitiúide eispéaras an neacha léinn a dhéanamh níos gníomhaí agus níos rannpháirtí. |
| 2 | Cuirfidh sí seirbhís ardchaighdeáin ar fáil i dtimpeallacht thacúil dá cuid úsáideoirí uile. |

## Eochairstraitéisí:

| | |
|---|---|
| 1 | Leanúint d'iarracht a dhéanamh ardleibhéal seirbhíse a choinneáil d'úsáideoirí uile na leabharlainne. |
| 2 | Naisc láidre a bhunú leis an bhfoireann acadúil d'fhonn bailiúchán reatha agus ábhartha a fhorbairt. |
| 3 | Leanúint d'fheabhas a chur ar ár mbailiúcháin chló agus ar líne d'fhonn tacú le riachtanais ár gcuid úsáideoirí uile. |
| 4 | Teagmháil a dhéanamh leis an bhfoireann acadúil maidir le tacaíocht a chur ar fáil le haghaidh tascanna agus tionscadal acadúil. |
| 5 | An Polasaí Forbartha Bailiúcháin a atbhreithniú go bliantúil. |
| 6 | Athbhreithniú Bliantúil agus Feabhas a chur ar:<br>• An Modúl Scileanna Faisnéise<br>• Ionduchtú Leabharlainne agus eispéaras na Chéad Bhliana<br>• Oiliúint in EndNote<br>• Oiliúint in Acmhainní Ar Líne |
| 7 | Oiliúint in Advanced Word a chur ar fáil. |
| 8 | Ranganna teagaisc YouTube ábhartha agus éifeachtacha a fhorbairt ar na príomhacmhainní uile. |
| 9 | Forbairt fhoireann na leabharlainne a ailíniú le riachtanais na hInstitiúíde. |
| 10 | Baill foirne atá tiomanta d'fhorbairt ghairmiúil a mhealladh agus a choinneáil de réir mar a thacaíonn an Institiúid léi |
| 11 | Spás do Lárionad Scríbhneoireachta Acadúla a chur ar fáil sa leabharlann. |
| 12 | Timpeallacht atá slán sábháilte a chur ar fáil. |
| 13 | Monatóireacht a dhéanamh ar na huaireanta oscailte leabharlainne ar a n-áirítear patrúin úsáide agus aiseolas an úsáideora. |
| 14 | Leanúint de dhul i gcomhairle le hAontas na Neach Léinn chun feabhas a chur ar an timpeallacht foghlama do na húsáideoirí uile. |

| | |
|---|---|
| 15 | Ildeiseanna a thairiscint le haghaidh aiseolais. |
| 16 | Sraith seomraí staidéir ardchaighdeáin le saoráidí úrscothachai gcomhair críocha grúpstaidéir neach léinn. |
| 17 | An seomra ilmheáin ar champas Bhóthar Bhaile Átha Cliath a thiontú ina shaincheantar ciúin staidéir amháin agus an saincheantar ciúin atá ar urlár a haon cheana féin a choinneáil. |
| 18 | Teagmháil le Seirbhísí Ríomhaireachta d'fhonn seirbhís leordhóthaineach Wi-Fi a chur ar fáil. |
| 19 | Trealamh teicneolaíochta ardchaighdeáin a choinneáil laistigh de na hacmhainní atá ann. |
| 20 | Suíochánra agus saoráidí compordacha staidéir a chur ar fáil. |
| 21 | Leibhéil fuaime a rialú go docht. |

# COMHOIBRIÚ & COMHGHUAILLÍOCHTAÍ

## Cuspóirí GMIT:

| | |
|---|---|
| 1 | Braisle Réigiúnach: Braisle réigiúnach d'líAO a bhunú agus a chothú a chomhoibreoidh chun aghaidh a thabhairt ar riachtanais an réigiúin. |
| 2 | Comhghuaillíochtaí Straitéiseacha: Comhghuaillíochtaí reatha agus amach anseo a bhunú agus a chothú a chuireann ar chumas GMIT tionchar níos mó a imirt ar an réigiún. |
| 3 | Braislí téamacha: Braislí téamacha inbhuaine a fhorbairt a chuireann le láidreachtaí roghnaithe na hInstitiúide agus í ag freastal ar riachtanais réigiúnacha agus náisiúnta. |
| 4 | Ag Obair i gComhar: Bealaí éifeachtacha a spreagadh agus a chur chun cinn chun comhoibriú le hlíAO agus eagraíochtaí eile sa réigiún. |

## Cuspóir na Leabharlainne:

| | |
|---|---|
| 1 | Comhoibreoidh an leabharlann le leabharlanna líAO agus eagraíochtaí eile chun aghaidh a thabhairt ar riachtanais an réigiúin. |

## Eochairstraitéisí:

| | |
|---|---|
| 1 | Dul i mbun comhoibrithe foirmiúla idir-institiúideacha maidir le taisclann taighde a chur i bhfeidhm agus a choinneáil. |
| 2 | Socruithe cómhalartacha a fhorbairt tuilleadh le NUIG, Institiúid na Mara agus le Comhaontas Chonnacht Uladh. |
| 3 | Páirt a ghlacadh i gcomhpháirtíochtaí leanúnacha, e.g. Acquisitions Group of Ireland (AGI), Systems Librarians san earnáil IOT agus sa ghrúpa Leabharlannaithe Institiúidí Teicneolaíochta. |

# FORBAIRT TAIGHDE & NUÁLAÍOCHT

## Cuspóirí GMIT:

| | |
|---|---|
| 1 | Speisialú agus Neart: Réimsí láidre taighde, idirdhealaithe agus speisialaithe GMIT a athdhearbhú agus a lua agus réimsí féideartha éiritheacha a shainaithint. |
| 2 | Scoláireacht agus Oiliúint: Gníomhaíochtaí taighde a ailíniú go dlúth leis an straitéis foghlama d'fhonn taighde oideolaíoch a fhorbairt agus cur le foghlaim agus eispéaras an neacha léinn. |
| 3 | Taighde a Chur Chun Cinn agus Talann a Uasmhéadú: Struchtúir agus polasaithe a fhorbairt go leanúnach a spreagann lucht foirne agus neacha léinn le bheith gníomhach i gcúrsaí taighde agus atá ag teacht le hairgeadú taighde. |
| 4 | Comhghuaillíochtaí TFN a Thógáil: Líonra de chomhghuaillíochtaí straitéiseacha a thógáil ionas go dtabharfaidh GMIT ceannaireacht agus comhlántacht i bhforbairt an réigiúin. |
| 5 | TFN agus Fiontraíocht: Taighde a dhaingniú agus a chur chun cinn atá á spreagadh ag riachtanais na fiontraíochta agus atá in iomchuibheas lena riachtanais. |

## Cuspóir na Leabharlainne:

| | |
|---|---|
| 1 | Tacóidh an leabharlann le gníomhaíochtaí taighde na hInstitiúide. |

## Eochairstraitéisí:

| | |
|---|---|
| 1 | Dul i mbun comhoibrithe foirmiúla idir-institiúideacha maidir le cur i bhfeidhm agus coinneáil taisclann taighde. |
| 2 | Oiliúint Bhithmhéadrachta a chur ar fáil do neacha léinn iarchéime agus lucht foirne taighde. |
| 3 | Leanúint de thacaíocht a chur ar fáil do thaighde le soláthar iomchuí foghlama leabharlann-bhunaithe. |
| 4 | Leanúint d'acmhainní ábhartha leictreonacha agus acmhainní ar líne a fheabhsú agus a fháil chun seirbhís 24/7 a chur ar fáil. |
| 5 | Athbhreithniú, monatóireacht agus uasghrádú a dhéanamh ar an gclár fionnachtana d'fhonn eispéaras cuardaigh níos fearr gan uaim a chur ar fáil don úsáideoir. |
| 6 | Seirbhís thráthúil idirleabharlainne iasachta a chur ar fáil chun bailiúcháin GMIT a fhorlíonadh. |
| 7 | Rochtain ar an leabharlann agus ballraíocht a chur ar fáil do chuideachtaí IiBC. |

# RANNPHÁIRTÍOCHT NEACHA LÉINN-POBAIL

## Cuspóirí GMIT:

| | |
|---|---|
| 1 | Foghlaim Trí Rannpháirtíocht Níos Leithne: Cur ar chumas na neacha léinn a gcuid acmhainní a fhorbairt trí rannpháirtíocht níos leithne. |
| 2 | Cleachtais Fhreagracha: Cuidiú le dea-bhail shóisialta, chultúrtha agus eacnamaíochta na bpobal a ndéanann an Institiúid freastal orthu. |
| 3 | Rochtain agus Rannpháirtíocht: Na spriocanna náisiúnta do rannpháirtíocht san ardoideachas a bhaint amach agus tagairt ar leith don fhoghlaim ar feadh an tsaoil agus do chohóirt faoi ghannionadaíocht. |
| 4 | Obair i gComhar le Gnó agus Pobal: Obair i gcomhar le gnó agus pobail chun cur le cáil agus ról GMIT sa réigiún. |

## Cuspóiri na Leabharlainne:

| | |
|---|---|
| 1 | Cuideoidh an leabharlann le dea-bhail shóisialta, chultúrtha agus eacnamaíochta an phobail. |

## Eochairstraitéisí

| | |
|---|---|
| 1 | Leanfar de bhallraíocht sheachtrach leabharlainne agus d'fhoghlaim ar feadh an tsaoil a thairiscint. |
| 2 | Taispeántais ar ábhair spéise go háitiúil a bhunú. |
| 3 | Dul i dteagmháil leis an Oifigeach Idirchaidrimh le Scoileanna maidir le bheith bainteach i ngníomhaíochtaí scoileanna dara leibhéal. |
| 4 | Bheith bainteach le scoileanna chun gníomhaíochtaí GMIT a chur chun cinn, e.g. Laethanta Blastóra don Scoil Óstáin. |
| 5 | Dul i dteagmháil leis an bhféile Cúirt maidir le gníomhaíochtaí ar ábhair spéise iad go háitiúil a óstú. |
| 6 | Bheith bainteach le tionscnaimh chultúrtha agus oideachasúla go náisiúnta, e.g. Seachtain Leabharlainne na hÉireann, Seachtain na hEolaíochta, Seachtain Litearthachta d'Aosaigh. |
| 7 | Leanúint de chomhoibrithe cómhalartacha a iniúchadh agus a fhorbairt sa réigiún. |

# IDIRNÁISIÚNÚ

## Cuspóirí GMIT:

| | |
|---|---|
| 1 | Comhdhlúthú Comhpháirtíochtaí AE: Naisc le hInstitiúidí Eorpacha a chomhdhlúthú agus a dhoimhniú d'fhonn malartú foirne agus neacha léinn a chur chun cinn. |
| 2 | Éagsúlú Lasmuigh den Eoraip: Bonn ioncaim idirnáisiúnta a mhéadú agus a éagsúlú tuilleadh. |
| 3 | Clár Punainn Idirnáisiúnta agus Seirbhís Ardchaighdeáin: Cur le clár punainn idirnáisiúnta agus seirbhís ardchaighdeáin a chur ar fáil. |

## Cuspóir na Leabharlainne:

| | |
|---|---|
| 1 | Cuirfidh an leabharlann timpeallacht fháilteach ar fáil do na neacha léinn idirnáisiúnta. |

## Eochairstraitéisí:

| | |
|---|---|
| 1 | Bailiúcháin a chur ar fáil do neacha léinn arna maoiniú ag an Oifig Idirnáisiúnta. |
| 2 | Uaireanta oscailte, bróisiúir agus eolaithe ábhartha na leabharlainne a aistriú go hArabais agus Sínis. |
| 3 | Dul i dteagmháil le gníomhaíochtaí cultúrtha idirnáisiúnta laistigh de GMIT. |
| 4 | Taispeántais ar raon éagsúil cultúr a chur ar fáil. |
| 5 | Dlúth-theagmháil a dhéanamh leis an Oifig Idirnáisiúnta ar bhonn foirmiúil agus neamhfhoirmiúil. |
| 6 | Clár feabhsaithe ionduchtaithe a chur ar fáil do na neacha léinn idirnáisiúnta. |
| 7 | Deiseanna le haghaidh malartaithe lucht forne na leabharlainne le hinstitiúidí páirtnéireachta thar sáile a chur ar fáil faoi réir ag acmhainní maoinithe. |
| 8 | Fiontair chomhoibríocha a iniúchadh lenár gcomhpháirtithe idirnáisiúnta. |

# Tagairtí:


Institiúid Teicneolaíochta na Gaillimhe-Maigh Eo, 2013. *Athbhreithniú ar Phlean Straitéiseach 2013-16 Achoimre ar na Colúin Straitéiseacha*, Gaillimh: GMIT.

Institiúid Teicneolaíochta na Gaillimhe-Maigh Eo, 2010. *Plean Forbartha Straitéiseach 2010-15 Do Ionad – Do Thodhchaí*, Gaillimh: GMIT.













